


Nuascríbhneoireacht na Gaeilge



Litríocht Éireann

Ag Cothú agus ag Aistriú Scríbhneoireacht na hÉireann

CLÁR

Réamhrá	4
Litríocht Éireann	8
Ficsean	12
Litríocht na nÓg	48
Aistriúcháin Bhéarla ar na Clasaicí	78
Innéacs na nÚdar	88
Innéacs na dTeideal	90
Innéacs na bhFoilsitheoirí	92

CONTENTS

Welcome	6
Literature Ireland	10
Fiction	12
Children's and Young Adult Literature	48
Classics in English Translation	78
Index of Authors	88
Index of Titles	90
Index of Publishers	92

RÉAMHRÁ

Fáilte chuig *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, an foilseachán is déanaí de chuid Litríocht Éireann ina gcuirtear léargas ar fáil ar an scríbhneoireacht chomhaimseartha Ghaeilge a foilsíodh le linn na gcúig bliana seo a chuaigh thart.

Beidh a fhios agaibhse atá cleachta lenár gcuid oibre gur chuimsigh Litríocht Éireann saothair arna bhfoilsíú í nGaeilge inár gcatalóg cheart bhliantúil *New Writing from Ireland* le blianta fada anois. Cuirtear an chatalóg sin i láthair ag aontaí leabhar móra ar fud an domhain agus scaiptear go forleathan ar fhoilsitheoirí, ar aistritheoirí agus ar stiúrthóirí féilte litríochtaí. Le tamall maith anois, áfach, bhraitheamar go raibh na leabhair Ghaeilge a bhí liostaithe sa chatalóg sin i mbaol a mbáite ag na foilseacháin níos iomadúla i mBéarla a foilsíodh inti. Dá bhrí sin tá áthas mór agus bród orainn an chatalóg speisialta seo a fhoilsíú, *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, atá tiomnaithe don scríbhneoireacht Ghaeilge d'aosaigh agus d'aosaigh óga/do pháistí. Táimid muiníneach go mbeidh spéis ag léitheoirí ar fud an domhain sa saothar seo.

I nDaonáireamh na hÉireann 2016 léirigh 1.76 milliún duine go raibh siad in ann an Ghaeilge a labhairt, agus cé go bhfuil

cainteoirí Gaeilge ina mionlach in Éirinn, tá earnáil chultúrtha agus liteartha bheo ar fáil chun tacú le scríbhneoirí, le foilsitheoirí agus le léitheoirí. Ar aon dul lena sainchúram, is mian le Litríocht Éireann an obair sin a thabhairt thar lear, chun feasacht a ardú ar a bhfuil ag tarlú i saol liteartha na Gaeilge agus chun tacú le scríbhneoirí a scríobhann í nGaeilge. Níl sa chatalóg seo ach sampla beag den réimse leathan saothar liteartha saibhir a scríobhtar í nGaeilge.

Cuireann tithe foilsitheoireachta amhail An Gúm, Cló Iar-Chonnacht agus Futa Fata le *New Writing from Ireland* ar bhonn rialta. Is taispeántóirí rialta iad Leabhar Breac agus Cló Iar-Chonnacht ag aontaí leabhar idirnáisiúnta. Ó bunaíodh í, bhí áthas ar Litríocht Éireann tacú le haistriúcháin ar an scríbhneoireacht Ghaeilge. Is dearbhú breise é an rath iontach ar an úrscéal cumasach Gaeilge *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain, atá aistrithe anois go níos mó ná dosaen teanga, ar líon na ndeiseanna idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann don scríbhneoireacht Ghaeilge tríd an aistriúchán.

Cuirimid fáilte roimh iarratais ar dheontais aistriúcháin ceithre huairé in aghaidh na bliana. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin literatureireland.com chun a fháil amach conas is féidir le foilsitheoirí

iarratas a dhéanamh ar dheontas aistriúcháin ar líne.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis na foilsitheoirí uile a chuir teidil isteach le cuimsíú in *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*. Táimid buíoch as bhur gcomhoibriú agus as bhur dtiomantas dár gcuid oibre.

Tá buíochas mór tuillte ag Hannah Rice a chuir an chatalóg in eagar mar chomheagarthóir agus a bhainistigh an tionscadal ó chéimeanna luatha na pleanála in 2020 go dtí an foilsíú.

Táimid ag tnúth anois le go leor aistriúchán ar na leabhair sin a fheiceáil sna blianta atá le teacht.



Sinéad Mac Aodha
Stiúrthóir, Litríocht Éireann

WELCOME

Welcome to *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, Literature Ireland's latest publication, which presents a snapshot of contemporary writing published in the Irish language over the past five years.

Those of you who are familiar with our work will know that, for many years now, Literature Ireland has included works published in the Irish language in our annual *New Writing from Ireland* rights catalogue. This catalogue is presented at the major world book fairs and distributed widely to publishers, translators and literature festival directors. For some time, however, we have felt that books in the Irish language, listed in that catalogue, run a risk of being overshadowed by the more numerous English-language titles carried in it. And so we are very pleased and proud to publish this special catalogue, *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, which is dedicated to writing in the Irish language for adults and young adults/children. We are confident that this work will appeal to readers across the world.

In the 2016 Census of Ireland, 1.76 million people indicated that they could speak Irish and, although Irish-language speakers may be in the minority in Ireland, there is a vibrant cultural and literary sector in place to support writers, publishers and readers. In keeping with

its remit, Literature Ireland wishes to bring this work abroad, building an awareness of what is happening in the Irish-language literary scene and helping to support writers who write in Irish. This catalogue is only a small sample of the breadth of rich literary works written in the Irish language.

Publishing houses such as An Gúm, Cló Iar-Chonnacht and Futa Fata regularly contribute to *New Writing from Ireland*. Leabhar Breac and Cló Iar-Chonnacht are also frequent exhibitors at international book fairs. Literature Ireland has, since its establishment, been pleased to support translations of writing in the Irish language. The phenomenal success of the great Irish-language novel *Cré na Cille* by Máirtín Ó Cadhain, which has now been translated into over a dozen languages, further confirms just how many international opportunities there can be for great Irish-language writing through translation.

Literature Ireland welcomes applications for translation grants four times a year. Please visit our website, literatureireland.com, to learn how publishers can apply for a translation grant online.

I should like to take this opportunity to thank all the publishers who submitted

titles for inclusion in *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*. We are grateful for your collaboration and commitment to our work.

Great thanks is due to Hannah Rice, who co-edited the catalogue and managed the project from the early planning stages in 2020 through to publication.

We now look forward to seeing many translations of these books in the years to come.



Sinéad Mac Aodha
Director, Literature Ireland

LITRÍOCHT ÉIREANN

Is í an ghníomhaireacht náisiúnta in Éirinn í Litríocht Éireann, a chuireann litríocht na hÉireann chun cinn thar lear. Oibríonn an eagraíocht chun feasacht agus tuiscint idirnáisiúnta a fhorbairt ar litríocht chomhaimseartha na hÉireann, tríd an aistriúchán go príomha.

Litríocht Éireann:

- Reáchtálann sí clár deontais aistriúcháin d'fhoilsitheoirí idirnáisiúnta
- Dámhann sí sparánachtaí d'aistritheoirí litríochta
- Glacann sí páirt in aontaí leabhar idirnáisiúnta
- Comhordaíonn sí an seastán náisiúnta Éireannach ag aontaí leabhar London agus Frankfurt
- Eagraíonn sí imeachtaí le húdair agus le haistritheoirí
- Éascaíonn sí rannpháirtíocht údar Éireannach i bhféilte litríochta idirnáisiúnta den chéad rogha
- Foilsíonn sí catalóga na gceart, *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, agus *New Writing from Ireland*
- Glacann sí páirt i dtionscadail aistriúcháin idirnáisiúnta

- Cuireann sí faisnéis ar fáil d'fhoilsitheoirí, d'aistritheoirí, d'údair, do thaidhleoirí, d'iriseoirí agus do pháirtithe leasmhara eile.

An Clár Deontais Aistriúcháin

Trí chláir deontais aistriúcháin de chuid Litríocht Éireann ligtear d'fhoilsitheoirí idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar dheonachán maidir leis an gcostas a bhaineann le saothar litríochta Éireannaí* a aistriú ó Bhéarla nó ó Ghaeilge go teanga eile.

Eagraítear ceithre bhabhta d'iarratais ar dheontais aistriúcháin in aghaidh na bliana, agus glactar le hiarratais ó dhá sheachtain roimh gach spriocdháta.

Tá an fhaisnéis uile maidir le conas iarratas a dhéanamh, na spriocdhátaí agus na treoirlínte d'úsáideoirí le fáil ar literatureireland.com faoi 'Grants'.

Ní mór d'iarratasóirí córas ar líne Litríocht Éireann a úsáid d'fhonn iarratas a dhéanamh ar dheontas aistriúcháin. Leis an gcóras ar líne ligtear d'fhoilsitheoirí ó gach cearn den domhan iarratais a dhéanamh ar dheontais, cinntí a fháil agus iarratais rathúla a nuashonrú go héasca agus go sábháilte ar líne. Ní ceadmhach aistriúcháin a bhfuil maoiniú á lorg ina leith a fhoilsiú go dtí trí mhí ar a laghad tar éis an spriocdháta ábhartha.

Má tá ceist ar bith agat nó má tá tacaíocht theicniúil ar bith de dhíth ort, déan teagmháil le online@literatureireland.com.

*Seánraí incháilithe: ficsean liteartha, neamhfhicsean liteartha, litríocht do pháistí, filíocht agus dráma.

Acmhainní Ar Líne

Táirgeann Litríocht Éireann raon d'acmhainní ar líne d'fhoilsitheoirí, d'aistritheoirí agus don phobal i gcoitinne chun sult a bhaint astu. Chun níos mó a fhoghlaim faoi scríbhneoirí Éireannacha agus faoin scríbhneoireacht Éireannach, féach ar 'Books & Writers' ar literatureireland.com.

Is podchraoladh é **'Talking Translations'** ina dtugtar scríbhneoir Éireannach agus aistritheoir le chéile le haghaidh gach eagráin, agus iad ag roinnt scéalta ó theanga amháin go teanga eile. Éist le gach eagrán ar líne ar an suíomh gréasáin dár gcuid agus ar na hardáin phodchraolta mhóra uile.

Inár **'Translation Directory'** cuirtear liosta cuimsitheach agus eisiach ar fáil de na leabhair ar thacaigh Litríocht Éireann lena n-aistriú 1995.

Coinnigh i dteagmháil! Déanaimid ailt nuachta faoin litríocht, ina bhfuil pictiúir áille de leabhair Éireannacha nua atá á n-aistriú, sonraí faoi imeachtaí agus agallaimh le húdair Éireannacha, agus go leor eile, a phostáil.

Facebook / @LiteratureIreland
Instagram / @literatureireland
Twitter / @Lit_Ireland
YouTube / Literature Ireland
Web / literatureireland.com

LITERATURE IRELAND

Literature Ireland is the national agency in Ireland for the promotion of Irish literature abroad. The organisation works to build an international awareness and appreciation of contemporary Irish literature, primarily in translation.

Literature Ireland:

- Runs a translation grant programme for international publishers
- Awards bursaries to literary translators
- Participates at international book fairs
- Coordinates the Irish national stand at the London and Frankfurt book fairs
- Organises author and translator events
- Facilitates the involvement of Irish authors at select international literature festivals
- Publishes *Nuascríbhneoireacht na Gaeilge*, *New Writing from Ireland* and other promotional materials
- Participates in international translation projects
- Provides information to publishers, translators, authors, diplomats, journalists and other interested parties.

Translation Grant Programme

Literature Ireland's translation grant programme allows international publishers to apply for a contribution towards the cost of the translation of a work of Irish literature* from English or Irish into another language.

There are four translation grant application rounds per year, with applications accepted from two weeks in advance of each deadline.

All information on how to apply, the deadlines and user guides are accessible on literatureireland.com under 'Grants'.

Applicants must use Literature Ireland's online system in order to apply for a translation grant. This online system allows publishers from around the world to apply for grants, receive decisions and update successful applications easily and securely online. Translations for which funding is being sought must not be published until at least three months after the relevant deadline.

Contact online@literatureireland.com with any queries.

*Eligible genres: literary fiction, literary non-fiction, children's literature, poetry and drama.

Online Resources

Literature Ireland produces a range of online resources for publishers, translators and the general public to enjoy. To learn more about Irish writers and Irish writing, see the 'Books & Writers' section of literatureireland.com.

Talking Translations is a podcast which brings together an Irish writer and a translator for each episode, sharing stories from one language to another.

Listen to all the episodes online on our website and on all major podcast platforms.

Our online **Translation Directory** provides a comprehensive and exclusive listing of the books that Literature Ireland has supported in translation since 1995.

Keep in touch! We post literary news articles, beautiful pictures of new Irish books in translation, details of events and interviews with Irish authors, and more.

Facebook / @LiteratureIreland
Instagram / @literatureireland
Twitter / @Lit_Ireland
YouTube / Literature Ireland
Web / literatureireland.com

PÁDRAIC BREATHNACH

DIALANN MO MHÁTHAR



323 lchv/pp

Mídhílseacht phósta atá mar ábhar san úrscéal seo. Lánúin óg, Péarla is Sylvester. Ach gur trí shúile na hiníne, Éabha, a insítear an scéal, bunaithe ar dhialann de chuid a máthar ar thángthas uirthi i lochta an tí.

‘Ní go rómhínic a bhaineann úrscéal deoir asam. B’in a tharla, áfach, agus *Dialann Mo Mháthar* le Pádraic Breathnach á léamh agam. Is fada ó chuaigh leabhar i bhfeidhm chomh mór sin orm ach chaoin mé uisce mo chinn agus mé meallta isteach i scéal agus i saol truachróioch na gcarachtar. Ní haon ionadh gur bhain an t-úrscéal seo an chéad duais i gcomórtas úrscéalaíochta an Oireachtais, 2016.’ — Léirmheas le hÁine Ní Ghlinn, *Comhar*, Meán Fómhair, 2018.

Is scríbhneoir bisiúil as Maigh Cuilinn ó dhúchas é Pádraic Breathnach agus é ar dhuine de mhórscribhneoirí comhaimseartha na Gaeilge.

The focus of this novel is the marital infidelity of a young couple, Péarla and Sylvester. However, it is through the eyes of their daughter, Éabha, that the story is told. It is based on her mother’s diary, which she comes across in the attic of their house.

‘It’s not often that a novel makes me cry. But that’s what happened when I read *Dialann Mo Mháthar* by Pádraic Breathnach. It’s a long time since a book has affected me that much but I bawled crying after being drawn into the story and into the pitiful life of the characters. It’s no surprise that this novel won first prize in the novel category of the Oireachtas competition in 2016.’ — A review by Áine Ní Ghlinn, *Comhar*, September 2018.

Contact for rights negotiations
Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Pádraic Breathnach is a prolific writer from Maigh Cuilinn in Galway. He is one of the major contemporary Irish-language writers.

DAVE DUGGAN

MAKARONIK



Úrscéal suite i bhfo-ionad sonraí, i nDoire, ar imeall na hImpireachta, sa bhliain 2584. Na rudaí is tábhachtaí san Impireacht ná dualgas agus dílseacht. Níl an focal 'rogha' san Empirish, teanga na hImpireachta. Tagann Diarmuid agus Gráinne, oifigh mheánchéime de chuid na hImpireachta, leis an fho-ionad a dhruim agus an t-oifigeach bunchéime, Makaronik, a thabhairt ar ais go dtí an Lár leo. Sin an dualgas s'acu. Níl aon rogha acu. Ach diúltaíonn Makaronik dul leo. An bhfuil an rogha aici?

Is úrscéalaí is drámadóir é Dave Duggan, a bhfuil cónaí i nDoire air. Tá a shaothar amharclainne feicthe in Éirinn, Dún Éideann, Learpholl, Nua-Eabhrac agus san Afganastáin. An dráma is déanaí uaidh ná *Chezzie's Chance* (Blue Eagle Productions, 2018), a raibh an-rath air a léiriú ag Féile Snag-Cheoil Dhoire. Scríobh sé *Gruagairí* (2007), a bhuaigh gradam Stewart Parker Trust. I measc a shaothar fá choinne scannáin is teilifíse tá *Dance Lexie Dance* (Raw Nerve Productions, 1996), a fuair ainmniúchán le haghaidh Ghradam Oscar. I measc a shaothar eile tá *A Sudden Sun* (Guildhall Press, 2012) agus *Related Lives: An Imagined Memoir* (Guildhall Press, 2016).

A novel set in the year 2584, in a data subcentre in Derry, on the outskirts of the Empire. Duty and loyalty are valued above all else in the Empire. The word 'choice' does not exist in Empirish, the language of the Empire. Diarmuid and Gráinne, two middle-grade officers of the Empire, are sent to close the data subcentre and to bring the entry-level officer, Makaronik, back to the Centre. That's their duty. They don't have a choice. But Makaronik refuses to go with them. Does she have any choice?


Contact for rights negotiations

Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Dave Duggan is a novelist and playwright and lives in Derry. His theatre work has been staged in Ireland, Edinburgh, Liverpool, New York and Afghanistan. His latest play, *Chezzie's Chance* (Blue Eagle Productions, 2018), was well received at its debut staging during the Derry Jazz Festival. He wrote *Gruagairí* (2007), which won a Stewart Parker Trust award. His film and television work includes *Dance Lexie Dance* (Raw Nerve Productions, 1996), which was nominated for an Oscar. His other works include *A Sudden Sun* (Guildhall Press, 2012) and *Related Lives: An Imagined Memoir* (Guildhall Press, 2016).

ANNA HEUSSAFF

SCÁIL AN PHRÍOSÚIN



320 lchv/pp

Seo an tríú húrscéal bleachtairachta do dhaoine fásta le Anna Heussaff. Dhá dhúnmharú sa chillín céanna i bPríosún Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath, ceann acu sa lá atá inniu ann agus an ceann eile sa naoú haois déag. Cén ceangal dáiríre atá eatarthu?

Is úrscéalta bleachtairachta iad *Bás Tobann* (Cois Life, 2004), *Buille Marfach* (Cló Iar-Chonnacht, 2010) agus *Scáil an Phríosúin*: tá na lárcharachtair chéanna iontu ach tá an chéad dá cheann suite ar chósta an iardheiscirt agus an tríú ceann i gceantar stairiúil Chill Mhaighneann sa phríomhchathair, áit a bhfuil cónaí ar Anna Heussaff le fada.

Ó thosaigh Anna Heussaff ar an scríobh cruthaitheach sa bhliain 2002, foilsíodh seacht n-úrscéal Gaeilge léi. Is sraith úrscéalta mistéire do léitheoirí óga in aois 10-14 bliana iad *Vortex* (Cois Life, 2006), *Hóng* (Cló Iar-Chonnacht, 2012) agus *Sárú* (Cló Iar-Chonnacht, 2017), ina bhfuil físchluichí fite fuaite in eachtraí an scéil, chomh maith le mórcheisteanna timpeallachta agus dúshláin eile i saol na n-óg.

This is the third of three detective novels for adults by Anna Heussaff. Two murders in the same cell in Kilmainham Gaol in Dublin, one today, the other in the nineteenth century. What is the link between them?

Bás Tobann (Cois Life, 2004), *Buille Marfach* (Cló Iar-Chonnacht, 2010) and *Scáil an Phríosúin* are detective novels: they all feature the same main characters but the first two are set on the southwest coast, while the third is set in the historical Kilmainham area of Dublin, where Anna Heussaff has lived for many years.


Contact for rights negotiations

Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Since she began writing creatively in 2002, Anna Heussaff has published seven Irish-language novels. *Vortex* (Cois Life, 2006), *Hóng* (Cló Iar-Chonnacht, 2012) and *Sárú* (Cló Iar-Chonnacht, 2017) are a series of mystery novels for young readers between 10 and 14 years old. Video games play a central role, as well as major environmental issues and other challenges that young people face.

DIARMUID JOHNSON

CONAIRE MÓR: SEACHT nDORAS NA CINNIÚNA



104 lch/pp

Athinsint bhríomhar bheoga atá in *Conaire Mór* ar an eipic Shean-Ghaeilge *Togail Bruidne Da Derga* – scéal a thosaíonn le rí á ghairm de Chonaire agus a chríochnaíonn lena mharú brúidiúil ar bhruach na Dothra. Na hiontais ar fad atá i dtraidisiún na seanscéalta, tá siad ar fáil in imeachtaí an scéil, idir mhacghníomhartha Chonaire agus a theacht i réim, na blianta a raibh Éire faoi bhláth lena linn, agus an tuar báis nárbh fhéidir a shéanadh. Scéal mór Éireannach agus scéal mór Eorpach é *Conaire Mór*.

Ghnóthaigh an leabhar seo Gradam Uí Shúilleabháin, ‘Leabhar na Bliana’, 2017.

File, ceoltóir, scríbhneoir agus scoláire é Diarmuid Johnson. In Cardiff na Breataine Bige a rugadh é in 1965. Cuireadh oideachas air i nGaillimh idir 1970 agus 1989. Tá dochtúireacht sa Léann Ceilteach aige. Ó 1989 i leith tá tréimhsí caite aige ina léachtóir ollscoile sa Bhreatain Bheag, sa Bhriotáin, sa Ghearmáin agus sa Pholainn.

Tá Gradam Uí Shúilleabháin buaite faoi dhó aige chomh maith le gradam ‘An Post Irish Book Awards’.

Conaire Mór is a lively and highly readable retelling of the Old-Irish epic *Togail Bruidne Da Derga* – a story that begins with the crowning of Conaire and ends with his brutal slaying on the banks of the Dodder. All the wonders of ancient literature are found in this book, from Conaire’s warrior feats to his ascension to the throne and to a prophecy of doom that cannot be evaded. *Conaire Mór* is both a great Irish story and a great European story.

This book won the Gradam Uí Shúilleabháin ‘Book of the Year’ award in 2017.

Contact for rights negotiations


Darach Ó Scoláir, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com /
eolas@leabharbreac.com
+353 91 593 592

Diarmuid Johnson is a poet, musician, writer and scholar. He was born in Cardiff, Wales, in 1965 and educated in Galway between 1970 and 1989. He holds a doctorate in Celtic Studies. Since 1989, he has spent time as a university lecturer in Wales, Brittany, Germany and Poland.

He has won the Gradam Uí Shúilleabháin award twice, as well as an award at the An Post Irish Book Awards.

DIARMUID JOHNSON

TUATHA DÉ DANANN: SEILBH INSE FÓDLA



120 lch/pp

Athinsint bhreá bhríomhar atá sa leabhar seo ar theacht Thuatha Dé Danann, scéal a bhaineann le dúchas na nGael agus le flaitheas na hÉireann. Scéal flaithiúnais, scéal dúchais, scéal ársa agus scéal nua – sin é atá i scéal na n-eachtraí faoi mar atá inseacht agus aithris orthu sa leabhar beag eipiciúil seo.

Cé mar a baineadh an ghéag de Nuadha, cérbh é Lugh Lámhfhada, cén tairngreacht do Bhalair na Súile Nimhe, agus cén bhandáil a bhí ag an Daghdha cois Éirne? Teacht agus imeacht Thuatha Dé Danann is ábhar agus is téama don leabhar. Sin, agus an chéad lá ar leag clanna Gael cois ar chladaí Inse Fódla.

Ghnóthaigh an leabhar seo gradam ‘Leabhar Gaeilge na Bliana’ ag ‘An Post Irish Book Awards 2018’.

File, ceoltóir, scríbhneoir agus scoláire é Diarmuid Johnson. In Cardiff na Breataine Bige a rugadh é in 1965. Cuireadh oideachas air i nGaillimh idir 1970 agus 1989. Tá dochtúireacht sa Léann Ceilteach aige. Ó 1989 i leith tá tréimhsí caite aige ina léachtóir ollscoile sa Bhreatain Bheag, sa Bhriotáin, sa Ghearmáin agus sa Pholainn.

Tá Gradam Uí Shúilleabháin buaite faoi dhó aige chomh maith le gradam ‘An Post Irish Book Awards’.

This small epic is a lively retelling of the arrival of the Tuatha Dé Danann, a story about the origin of the Gael and the sovereignty and heritage of Ireland, both old and new.

How did Nuadha lose his arm, who was Lugh Lámhfhada, what prophecy does Balar na Súile Nimhe receive, and what sort of assembly of women does Daghdha have on the banks of the Erne? The book follows the arrival and departure of the Tuatha Dé Danann and details the first day that the Gael set foot on the shore of the island of Fódhla.

Tuatha Dé Danann: Seilbh Inse Fódla was named ‘Book of the Year’ at the An Post Irish Book Awards in 2018.

Contact for rights negotiations


Darach Ó Scoláir, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com /
eolas@leabharbreac.com
+353 91 593 592

Diarmuid Johnson is a poet, musician, writer and scholar. He was born in Cardiff, Wales, in 1965 and educated in Galway between 1970 and 1989. He holds a doctorate in Celtic Studies. Since 1989, he has spent time as a university lecturer in Wales, Brittany, Germany and Poland.

He has won the Gradam Uí Shúilleabháin award twice, as well as an award at the An Post Irish Book Awards.

DIARMUID JOHNSON

ÉADAOIN: SEACHT SNAIDHM NA SEIRCE



136 lch/pp

Is é scéal Éadaoine scéal mór grá na Sean-Ghaeilge, scéal nár mhair ach ina bhlúirí. Tá an t-ábhar sin ar fad fite in aon scéal amháin anseo – na bearnaí líonta, agus feoil curtha ar na cnámha – ionas gur eipic nua atá againn atá inchurtha le scéal Héilin na Traí, nó le scéal Tristan agus Íosóid.

Bean de shliocht éanlaith an tsí í Éadaoin. Is í ba bhanchéile d'Eochaidh Rí na Teamhrach. Ach is do Mhidhir a thug sí grá a croí, do Mhidhir an tsí, Midhir Bhrí Léith, Midhir na háille agus na mbriathra meala.

Uaigneas na mban is ábhar don scéal seo. Uaigneas mná a fágadh gan ceachtar den bheirt a bhí luaite léi, céile ná leannán. Ós de shliocht na mbuan an bhean sin, is buan síoraí an t-uaigneas atá le fulaingt aici. Seanscéal faoi chulaith nua, seantéama comhaimseartha, scéal téagartha tragóideach faoi sheacht snaidhm na seirce.

File, ceoltóir, scríbhneoir agus scoláire é Diarmuid Johnson. In Cardiff na Breataine Bige a rugadh é in 1965. Cuireadh oideachas air i nGaillimh idir 1970 agus 1989. Tá dochtúireacht sa Léann Ceilteach aige. Ó 1989 i leith tá tréimhsí caite aige ina léachtóir ollscoile sa Bhreatain Bheag, sa Bhriotáin, sa Ghearmáin agus sa Pholainn. Tá Gradam Uí Shúilleabháin buaite faoi dhó aige chomh maith le gradam 'An Post Irish Book Awards'.

The story of Éadaoin is our finest Old-Irish love story, a story that survives only in fragments. All these various fragments have been combined and knitted into a whole – filling the gaps and adding flesh to the bones – to create a new epic comparable to *The Iliad* or *Tristan and Isolde*.

Éadaoin is a bird-woman of the Fairy People. She was the wife of Eochaidh, King of Tara, but Midhir was her true love, Midhir of the Fairy People, Midhir of Brí Léith, the handsome and sweet-spoken Midhir.

This is a story about the loneliness felt by women. The loneliness of a woman who was left without husband or lover. As she is of the immortal people, this loneliness is everlasting. This is an old tale in a new guise, both an old and a contemporary theme, a great tragedy about the seven binding knots of love.

Contact for rights negotiations


Darach Ó Scoláir, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com /
eolas@leabharbreac.com
+353 91 593 592

Diarmuid Johnson is a poet, musician, writer and scholar. He was born in Cardiff, Wales, in 1965 and educated in Galway between 1970 and 1989. He holds a doctorate in Celtic Studies. Since 1989, he has spent time as a university lecturer in Wales, Brittany, Germany and Poland.

He has won the Gradam Uí Shúilleabháin award twice, as well as an award at the An Post Irish Book Awards.

PROINSIAS MAC A'BHAIRD

TAIRNGREACHT



340 lch/pp

Cuirtear saol Chonchúir Uí Bhraonáin bun os cionn go hiomlán nuair a thagann sé ar dhúnmharú scáfar ar mhullach uaigheanna Uí Néill agus Uí Dhónaill sa Róimh. Gan mhoill tá a bheatha féin i mbaol. Is léir, áfach, nach Conchúr amháin atá i gcontúirt agus go bhfuil comhcheilg ar siúl a bhainfeadh an bonn de chumhacht an Phápa agus a chuirfeadh deireadh leis an Eaglais.

Má tá Conchúr le teacht slán, caithfidh sé aghaidh a thabhairt ar sheict dhorcha a bhfuil a fréamhacha aici sa luath-Chríostaíocht féin. Mura n-éiríonn leis an mhistéir a réiteach in am, fíorófar an tairngreacht uafásach a rinneadh míle go leith bliain ó shin; tairngreacht a d'athródh an saol go deo.

Rinneadh cur síos ar Phroinsias Mac a'Bhaird mar 'Dan Brown na Gaeilge'. Is cinnte go bhfuil an mhistéir agus an phlotaireacht bhríomhar chéanna, a choinneodh i do shuí mall san oíche thú, sna húrscéalta uaidh. Tá cónaí ar an údar i dTír Chonaill, lena chúram agus lena mhadadh Pluto, áit a n-oibríonn sé mar mháistir scoile.


Conchúr Ó Braonáin's life is completely turned upside down when he discovers a horrific murder scene atop the graves of the Gaelic lords Aodh Ó Néill and Aodh Ó Dónaill in Rome. Before long, he finds that his own life is in danger. It is clear, however, that Conchúr is not the only one in harm's way and that there is a conspiracy to overthrow the Pope and destroy the Church.

If Conchúr is to survive, he must confront a dark sect whose roots stretch back to early Christianity. If he doesn't succeed in solving the mystery in time, the catastrophic prophecy made 1,500 years earlier will be manifested: a prophecy that will change the world forever.

Proinsias Mac a'Bhaird has been described as the Irish-language Dan Brown, and, certainly, the same type of mystery and lively, plot-filled narrative that will keep you reading until the early hours can be found in his novels. The author lives in Donegal with his family and his dog, Pluto. He is a schoolteacher.

Contact for rights negotiations
Elly Shaw, LeabhairCOMHAR,
47 Sráid Harrington,
Baile Átha Cliath, D08 E7KT, Éire
www.comhar.ie /
leabhaircomhar@comhar.ie
+353 1 675 1922

LIAM MAC CÓIL

AN LITIR, I dTÍR STRAINSÉARTHA,
BEALACH NA SPÁINNEACH

276 lch/pp


Cuirtear tús leis an tríológ seo in Éirinn, earrach na bliana 1612. Tugtar litir thábhachtach do Lúcas Ó Briain le breith faoi rún chun na Róimhe agus le leagan i láimh Aodha Mhóir Uí Néill, Iarla Thír Eoghain. Tá Ó Néill agus na taoisigh Ghaelacha sa Róimh ag iarraidh airm ar Rí na Spáinne le filleadh ar Éirinn agus le cumhacht Shasana sa tír a bhriseadh.

Cuireann Lúcas chun farraige agus feallmharfóir rua an namhad, an Sionnach tiomanta díocasach, ar a thóir, duine de na spairí is glice agus is cruálaí atá ag an namhaid, agus orduithe aige stop a chur leis, ar ais nó ar éigean. Leanann na saothair seo turas Lúcáis ar an aistear contúirteach seo.


Bhí an chéad leabhar ar an ngearrliosta do 'Leabhar na Bliana' 2012 agus bhain an dara leabhar duais an Oireachtais in 2014. Bhí *Bealach na Spáinneach* ar ghearrliosta Ghradam Uí Shúilleabháin in 2020.

Scríbhneoir agus criticeoir is ea Liam Mac Cóil. Tá leabhair, ailt, agus aistí scríofa aige faoi chúrsaí litríochta, staire, ceoil, ealaíon agus teilifíse.

Ar na leabhair leis a foilsíodh tá na húrscéalta *An Dochtúir Áthas*, *An Claiomh Solais* agus *Fontenoy*. Bhuaigh a úrscéal *Fontenoy* Gradam Uí Shúilleabháin 2006. Aistríodh a úrscéal *An Litir* go Bulgáiris in 2016.



384 lch/pp



604 lch/pp

This trilogy begins in the Atlantic port of Galway in 1612. Lúcas, a young student and a gifted swordsman, is entrusted by a shady Jesuit priest with an important letter to be delivered into the hands of Aodh Mór Ó Néill, Earl of Tyrone (leader of the Irish chieftains in Rome seeking the help of Philip of Spain to retake Ireland from the English).

These books follow Lúcas's mission as it takes him on a perilous journey across Europe. Following hot on his heels, in the narrow streets of the city, is the enemy's most devious and brutal spy – with orders to stop him, at all costs.

An Litir was shortlisted for 'Book of the Year' 2012 and *I dTír Strainséartha* won the Oireachtas literary prize in 2014. *Bealach na Spáinneach* was shortlisted for the Gradam Uí Shúilleabháin award in 2020.

Liam Mac Cóil is a writer and critic. He has written books, articles and essays on literature, history, the arts and television.

His works include the novels *An Dochtúir Áthas*, *An Claiomh Solais* and *Fontenoy*. *Fontenoy* won the Gradam Uí Shúilleabháin award in 2006. The first book in this series, *An Litir*, was translated into Bulgarian in 2016.


Contact for rights negotiations
Darach Ó Scoláí, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com / eolas@
leabharbreac.com
+353 91 593 592

TADHG MAC DHONNAGÁIN

MADAME LAZARE

© Nilufer Barin/Arcangel

256 lch/pp



Ó bhí sí ina páiste óg, tá Levana bródúil as a dúchas Giúdach agus as na mná láidre a chuaigh roimpi. Duine acu sin í Hana Lazare, seanmháthair Levana, a theith ina cailín óg di óna tír dhúchais i dtuaisceart na hEorpa, an t-aon duine amháin dá muintir a tháinig slán ó shlad an Shoah.

Ach nuair a thagann mearbhall intinne ar Hana i ndeireadh a saoil, sceitheann blúirí eolais óna béal a fhágann Levana trína chéile. Seoltar an bhean óg ar aistear a thugann uirthi gach rud a dúirt a seanmháthair riamh léi a cheistiú. De réir mar a ghluaiseann an scéal ó Pháras go dtí an Bhruiséil go hiarthar na hÉireann, druideann Levana le fíorscéal a seanmháthair agus leis an tubaiste ba chúis leis an saol rúnda atá caite ag Madame Lazare.

Scribhneoir leabhar agus scrípteanna don scáileán é Tadhg Mac Dhonnagáin. I measc na ngradam atá bainte aige tá Gradam Uí Shúilleabháin, Gradam Réics Carló, White Raven ón International Youth Library, Munich agus Children's Books Ireland Special Judges' Award. Bronnadh Irish Film and Television Academy Award trí bliana as a chéile don chlár óige is fearr ar a shraith theilifíse *Aifric*.

Since she was a child, Levana has been proud of her Jewish heritage and the strong women who have gone before her. One of these women is Hana Lazare, Levana's grandmother, who fled her native country in northern Europe as a young girl, the only one of her family who survived the Shoah.


But as Hana's mind begins to deteriorate towards the end of her life, she starts letting small pieces of information slip, leaving Levana bewildered. The young woman is sent on a journey that makes her question everything that her grandmother has told her. As the story moves between Paris, Brussels and the west of Ireland, Levana gets closer to her grandmother's true story and the tragedy behind the secretive life led by Madame Lazare.

Contact for rights negotiations
Breda Ní Chonghaile,
Barzaz, Futa Fata,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 D7XR, Éire
www.barzaz.ie / breda@futafata.ie
+353 91 504 612

Tadhg Mac Dhonnagáin is an author and a screenwriter. His awards include the Gradam Uí Shúilleabháin, the Gradam Réics Carló, the White Raven from the International Youth Library in Munich, and the Children's Books Ireland Special Judges' Award. His television series *Aifric* was awarded the Irish Film and Television Academy Award for the best programme for young people three years running.

EOGHAN MAC GIOLLA BHRÍDE

CNÁMH



178 lch/pp

‘Tá cnuasach gearrscéalta scríofa ag Eoghan Mac Giolla Bhríde a bhainfidh an anáil díot as feabhas na scéalaíochta agus as úire an mhachnaimh,’ a scríobh Pól Ó Muirí in *Comhar* in 2020.

Scríobh an Dr Róisín Ní Ghairbhí: ‘Ní go rómhínic a éiríonn le scríbhneoir saothar a cheapadh a théann i bhfeidhm ar an léitheoir ar bhealach dodhearmadta, faoi mar a tharlaíonn i sciar de scéalta an chnuasaigh seo. Tá móimintí léargais áille ann agus tá fuil agus feoil na daonnachta – bíodh an duine leonta, lochtach féin – ann ó thús deireadh.’

Bronnadh duais ‘Leabhar Gaeilge na Bliana’ ar an gcnuasach ag ‘An Post Irish Book Awards’ in 2020.

Is gearrscéalaí agus scriptscríbhneoir é Eoghan Mac Giolla Bhríde. Ba chomhscríbhneoir é ar na scannáin *Song of Granite* agus *Silence*. Saothair eile leis: *Idir Feoil is Leathar* (2002) agus *Díbeartaigh* (2005). Is stiúrthóir é ar an gcomhlacht foilsitheoireachta Éabhlóid a bhunaigh sé in 2008.

‘Eoghan Mac Giolla Bhríde has written a collection of short stories that will take your breath away due to the strength of his writing, as well as the freshness of his muse,’ wrote Pól Ó Muirí in *Comhar* in 2020.

Dr Róisín Ní Ghairbhí wrote: ‘It’s not often that a writer manages to create a work that grabs the reader in an unforgettable way, something that happens in the stories in this collection. Beautiful moments are portrayed through the flesh and blood of humanity – even if the person is flawed – from start to finish.’

This collection was named ‘Irish-Language Book of the Year’ at the An Post Irish Book Awards in 2020.


Contact for rights negotiations

Eoghan Mac Giolla Bhríde,
Éabhlóid, Carraic, Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall,
F92 Y361, Éire
www.eabhloid.com /
eolas@eabhloid.com
+353 86 0610 888

Eoghan Mac Giolla Bhríde is a writer of short stories and scripts. He was co-writer on the films *Song of Granite* and *Silence*. Other works include *Idir Feoil is Leathar* (2002) and *Díbeartaigh* (2005). He is also the director of the publishing company Éabhlóid, which he founded in 2008.

EITHNE NÍ GHALLCHOBHAIR

SÚIL



166 | ch/pp

Sa chnuasach gearrscéalta seo, amharcann an t-údar ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag an iolar fíréan agus é ag iarraidh a theacht i dtír ar shléibhte Thír Chonaill, an ghráinneog fhéir agus é ag treabhadh leis ó thús earraigh go deireadh fómhair, an teifeach mná ar thóir na sairseachta, agus an mháthair úr iarbheirthe agus í ar thóir an tsonais.

Tá an leabhar seo scríofa go réidh rithimeach agus tá blas na scéalaíochta le sonrú ó thús go deireadh. Leabhar é seo don tsúil agus don chluas.

Is as Ard an Rátha i ndeisceart Thír Chonaill d'Eithne Ní Ghallchobhair. Tá sí ina heagarthóir cunta ar Fhoclóir na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann, le blianta beaga anuas. Scéalaí agus scríobhaí atá inti agus tá duaiseanna Oireachtais agus eile buaite aici sa dá ceird.


In this collection of short stories, the author examines the challenges faced by the golden eagle as he tries to land on the mountains of Donegal, by the hedgehog as he ploughs along between the start of spring and the end of autumn, by the refugee woman looking for freedom, and by the new mother looking for joy.

This book is written in a gentle and rhythmic style throughout which is reminiscent of traditional storytelling. It is a book for the eye and for the ear.

Contact for rights negotiations
Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Eithne Ní Ghallchobhair is from Ard an Rátha in south County Donegal. She is an assistant editor of the Irish dictionary with the Royal Irish Academy. She is a storyteller and writer and she has won Oireachtas prizes and other awards for her work.

RÉALTÁN NÍ LEANNÁIN INNÍ



168 lchv/pp

‘Cnuasach eile dea-scríofa soléite é seo ó pheann Réaltán Ní Leannáin. Faoi mar is dual di, tá guth na mban chun cinn sna scéalta seo a chíorann an mion agus an mór araon: cultúr an éignithe agus na náire, foréigean agus teannas polaitiúil, ach chomh maith leis sin, dlúithe teaghlaigh agus soineantacht na hóige. Tá bua faoi leith ag Ní Leannáin maidir le caint bheo a chur i mbéal a cuid carachtar, go háirithe páistí óga. Bua é sin a shéideann greann agus bríomhaireacht isteach sna scéalta fiú agus ábhair thromchúiseacha á spíonadh.’

—An Dr Caitlín Nic Íomhair

Is gearrscéalai agus úrscéalai í Réaltán Ní Leannáin a chuireann an-suim i dteangacha agus i gcultúr na Spáinne. Scríobh sí an cnuasach *Dilis* (Cló Iar-Chonnacht, 2015), an t-úrscéal *Cití na gCártaí* (Cois Life, 2019) agus an saothar *Turas Ailse* (Coiscéim, 2011). Ba í Réaltán an Scríbhneoir Cónaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath in 2019. Tá ábhar ar líne aici atá ar fáil ar a blog, turasailse.blogspot.com.

‘This is another well-written, easy-to-read collection from Réaltán Ní Leannáin’s pen. As is her wont, the voice of women is at the forefront of these stories that examine both little and large issues: rape culture and shame, violence and political tensions, but as well as that, the closeness of family and the innocence of youth. Ní Leannáin also possesses a special talent for breathing life into the speech of her characters, especially young children. This is a talent that breathes humour and life into her stories, even when discussing serious topics.’


—Dr Caitlín Nic Íomhair

Contact for rights negotiations
Eoghan Mac Giolla Bhríde,
Éabhlóid, Carraic, Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall,
F92 Y361, Éire
www.eabhloid.com /
eolas@eabhloid.com
+353 86 0610 888

Réaltán Ní Leannáin is an author of short stories and novels. She has a special interest in the languages and cultures of Spain. She has also written the collection *Dilis* (Cló Iar-Chonnacht, 2015), the novel *Cití na gCártaí* (Cois Life, 2019) and the work *Turas Ailse* (Coiscéim, 2011). Ní Leannáin was Writer in Residence in Dublin City University in 2019. Some of her work is also available online on her blog, turasailse.blogspot.com.

FEARGAL Ó BÉARRA

AN TROMDHÁMH



100 lch/pp

Cuairt a thug Seanchán Ollamh agus a chuideachta ar an rí, agus saint is síoréilimh na cuideachta ainmheasarta sin – idir fhilí, cheoltóirí, bhantracht is ghiollaí – is údar don aoirscéal binb-bhriathrach seo ó pheann anaithnid thart ar an mbliain 1300.

Scéal iltéamach ilchisealach é ‘Tromdhámh Guaire’ a bhfuil cuid dá phréamha ag síneadh siar chomh fada leis an seachtú haois, tréimhse a shamhlaítear le triúr dá mhórphearsana, Seanchán Toirpéist féin, Dallán Forgaill, agus Guaire an Oinigh. Sa leagan nuachóirithe seo, tugtar friotal is foghar an tseanscéil slán go soléite do léitheoir na haoise seo.

Coisfharraigeach de dhúchas Mhaigh Eo é Feargal Ó Béarra.

Le blianta beaga anuas, tá athchóiriú déanta ag an mBéarrach ar phéire de sheanscéalta móra na Gaeilge, ‘Tromdhámh Guaire’ agus ‘Buile Shuibhne’. Bhain sé ‘Leabhar na Bliana’ 2019 amach leis *An Tromdhámh*, agus bhí an leabhar céanna ar ghearrliosta ‘An Post Irish Book Awards’ na bliana sin. In 2021 a foilsíodh an leabhar is nuaí leis, *Mé Suibhne*.

This satirical, biting story, from an unknown pen from circa 1300, is based on a visit Seanchán Ollamh paid to the king, and the greed and never-ending demands of the inordinate company there – from poets to musicians, the women and the servants.

Tromdhámh Guaire is a multi-themed story whose roots reach back as far as the seventh century, a period linked to three major personalities, Seanchán Toirpéist himself, Dallán Forgaill, and Guaire an Oinigh. In this newly adapted, very accessible version, the flow and sound of the old story are brought to a modern audience.


Contact for rights negotiations
Darach Ó Scoláí, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com /
eolas@leabharbreac.com
+353 91 593 592

Feargal Ó Béarra is a Mayo native living in the Cois Fharráige region of Connemara.

In the past number of years, Ó Béarra has adapted two of the Irish language’s greatest legends, ‘Tromdhámh Guaire’ and ‘Buile Shuibhne’. In 2019, *An Tromdhámh* was awarded the Oireachtas ‘Book of the Year’ in 2019 and was also shortlisted for the An Post Irish Book Awards. His latest book, *Mé Suibhne*, was published in 2021.

MICHEÁL Ó CONGHAILE

SA TEACH SEO ANOCHT



109 | ich/pp

Úrscéal nua le Micheál Ó Conghaile a dhíríonn ar scéal fir atá ag siúl amach ón teach inár tógadh é agus é ag fágáil a mhná agus a mhic ina dhiaidh.

Anocht m'óiche dheireanach sa teach seo agus briseann sé sin mo chroí. Sa teach seo inár rugadh agus ar tógadh mé is mo shinsir romham agus inar fhás mé suas le mo theaghlach líonmhar sul má scaipeadh muid. Sa teach seo mar a bhfuillim i mo chónaí le mo bhean le deich mbliana anuas agus le mo mhac Shane lena leath sin. Maidin amárach fágfaidh mé an teach seo, mo bhean . . . is mo mhac i mo dhiaidh.

Is é Micheál Ó Conghaile bunaitheoir Cló Iar-Chonnacht. Bhunaigh Ó Conghaile an comhlacht in 1985 nuair a bhí sé ina mhac léinn ollscoile in aois 23 bliain. Is scríbhneoir bisiúil, éirimiúil é a bhfuil stór na nduaiseanna liteartha atá buaite aige ag méadú in aghaidh an lae. Ainmníodh a úrscéal *Sna Fir* ar ghearrliosta Dhuais Liteartha *The Irish Times* 2001, bhronn an Foras Cultúir Ghael-Mheiriceánaigh Duais Liteartha an Bhuitléaraigh air, agus bhuaigh a ghearrscéal 'Athair' príomhdhuais litríochta Hennessy in 1997.

A new novel from Micheál Ó Conghaile in which the story focuses on a man walking away from the house in which he was raised, leaving his wife and son behind.

This is my last night in this house and that breaks my heart. It was in this house I was born and raised, as well as my ancestors before me. It was where I grew up along with my many brothers and sisters. The house where I have lived with my wife for the past ten years, and my son Shane for half of that. Tomorrow morning I will leave this house, my wife . . . and my son behind me.


Contact for rights negotiations

Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe,
H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Micheál Ó Conghaile is the founder of Cló Iar-Chonnacht publishing house, which he launched in 1985 as a university student at the age of 23. He is a prolific and successful writer who has gained many literary awards. His novel *Sna Fir* was shortlisted for *The Irish Times* Literary Awards in 2001. He was awarded the Butler Award by the Irish American Cultural Institute and his short story 'Athair' won the main Hennessy literary prize in 1997.

RÉ Ó LAIGHLÉIS

MÁCHAIL – SCÉAL DÍOLTAIS



208 lch/pp

Is fear óg é Cormac Mac Guidhir atá tiomanta go hiomlán do bhaint amach an díoltais as a bhfuil déanta ag na baincéirí ar a athair. Scrios, cliseadh meabhrach, dúnadh gnólachta agus an-chuid dochair eile atá mar thoradh ar chaimiléireacht lucht an airgeadais. Ach ní mhaithear an feall dóibh. Íocfar as ar bhealach nach bhféadfadh na hairgeadóirí a shamhlú riamh – bealach nach bhféadfadh Cormac féin a shamhlú, go deimhin.

Snátha as a chéile á dtrasnú féin go sciliúil ealaíonta i dtáipéis dhraíochtúil an scéil íogair seo. Scéal atá go hiomlán ar an sprioc maidir le cúrsaí na linne seo. Scéal diamhair, scéal eachtraíochta, scéal fealsúnachta. Saothar, mar a luaigh moltóirí na ngradam a bronnadh air, atá ‘eisceachtúil ar an uile bhealach’.

Is scríbhneoir proifisiúnta lánaimseartha é Ré Ó Laighléis. Scríobhann sé idir ghearrscéalta agus úrscéalta agus dhramaí do gach aoisghrúpa léitheoireachta – é sin i mBéarla agus i nGaeilge. Tá mórchuid dá scríbhinní aistrithe go teangacha eile. Tá idir dhuaiseanna agus ghradaim bronnata air dá shaothair, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bronnadh an gradam ‘Buaic-Shaothar Próis na Bliana 2019’ (Oireachtas) agus ‘Gradam Uí Shúilleabháin – Leabhar na Bliana 2020’ air dá úrscéal *Máchail – Scéal Díoltais*.

Cormac Mac Guidhir is a young man who is hellbent on avenging his father’s ruination at the hands of scurrilous bankers. The conniving and deceitful acts of crooked financiers led to the closure of his father’s business, mental breakdown and ruination. But their roguery will not be forgiven. The banks will pay for it, and in a way that they could never have imagined – indeed, in a way that Cormac himself could not have imagined.

The multiple threads of this sensitive and award-winning tale are skilfully woven into a mesmeric tapestry of intrigue, adventure and philosophy. The book has been described by literary award judges as ‘an exceptional work in every way’.


Contact for rights negotiations
Ré Ó Laighléis, Móinín,
Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin,
Co. An Clár, H91 RHD1, Éire
www.moinin.ie /
moininpublishers@gmail.com
+353 86 211 8074

Ré Ó Laighléis has been a full-time, professional writer since 1992. He writes for all age groups, in English and Irish, focusing particularly on novels, short stories and stage plays. Many of his writings have been translated into various other languages.

His writing has garnered prizes and awards, both nationally and internationally. *Máchail – Scéal Díoltais* was named Oireachtas Best Prose Work 2019 and was named Gradam Uí Shúilleabháin Book of the Year 2020.

DAITHÍ Ó MUIRÍ

LITRÍOCHTAÍ



88 lch/pp

Cnuasach gearrscéalta le Daithí Ó Muirí, d'fhéadfai splancscéalta a thabhairt orthu, a bhformhór dó nó trí de leathanaigh ar a bhfad. Agus, ar ndóigh, céard is splancscéal ann ach ainm nua ar sheanfhoirm an ghearrscéil.

Tá na scéalta seo lomlán de chomharthaí sóirt: an té atá imithe amú sa nua-aois agus é sa tóir ar . . . ní fios. Más duairc, gruama an domhan a chuireann Daithí Ó Muirí os ár gcomhair uaireanta ina chuid scríbhneoireachta, é fuar, lom, folamh agus carachtair ag imeacht leo gan sprioc gan aidhm gan chiall gan reasún, ní fhágann sin nach bhfuil corrlasair le brath thall agus abhus sa dorchadas arb é an saol é. Is mithid dúinne, na léitheoirí, na lasracha sin a aithint.

Is as Co. Mhuineacháin ó dhúchas do Dhaithí Ó Muirí, ach tá cónaí air in Indreabhán, i gConamara, le blianta fada anuas. Is scríbhneoir lánaimseartha é, agus tá an-suim aige i saothar gearrscéalaithe Spáinneacha agus Francacha.

Tá dhá chnuasach gearrscéalta foilsithe aige go dtí seo – *Seacht Lá na Díleann* (Leabhar Breac, 1998) agus *Cogai* (Cló Iar-Chonnacht, 2002). Tá úrscéal foilsithe aige leis, *Ré* (Cló Iar-Chonnacht, 2012).

This is a collection of short stories from Daithí Ó Muirí that could be described as flash fiction as most of these stories are only two or three pages long. What is flash fiction, however, but a new name for the old short story format?

These stories are jam-packed with common tropes: the person lost in the modern world who is searching for . . . who knows what? The world presented in Daithí Ó Muirí's short stories is sometimes grim and desolate. His characters lost and wandering in the world. For all that, you can sense that there is a light of hope that flickers here and there and that it is worth watching out for it.


Contact for rights negotiations
Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Daithí Ó Muirí is originally from County Monaghan but he now lives in Indreabhán, in Connemara. He is a full-time writer, and he has a great interest in the works of Spanish and French short story writers.

He has published two collections of short stories – *Seacht Lá na Díleann* (Leabhar Breac, 1998) agus *Cogai* (Cló Iar-Chonnacht, 2002). He has also published a novel, *Ré* (Cló Iar-Chonnacht, 2012).

DARACH Ó SCOLAÍ

SÚIL AN DAILL



240 lch./pp

Tir Eoghain 1539: Conn Bacach ina thiarna agus a chlann mhac in iomaíocht lena fhábhar a thuilleamh. Seo é scéal Chonchúir Mhic Ardail: cléireach, athair teaghlaigh, agus ardfheidhmeannach a thiarna. Is í forbairt agus cur chun cinn an tiarnais fíis Chonchúir. Idir é agus fíorú na fíise tá iliomad rud – guagacht a mháistir, éad na n-uaisle, cistí folmha, cúraimí clainne, agus a laigeachtaí féin mar dhuine. Anuas air sin, tá mac an tiarna, Feilimí Caoch, an gaiscíoch mealltach ar mian le Conchúr é a mhúnlú mar phrionsa Eorpach ar an déanamh nua.

Bhuaigh an chéad úrscéal seo sa tsraith *Dominium* Duais an Oireachtais 2020. Cé gur in Éirinn a suitear, scéal uilíoch é a bhaineann le stair na hEorpa é seo.

Scribhneoir agus foilsitheoir é Darach Ó Scolaí. Ghnóthaigh a úrscéal *An Cléireach* Duais an Oireachtais 2007 agus 'Leabhar na Bliana' 2008, agus ghnóthaigh a athinsint ar *Táin Bó Cuailnge* Duais an Oireachtais 2017. Bhain a dhráma *Coinneáil Orainn* Duais Uí Mhaicín agus an BBC Stewart Parker Award, agus rinneadh cóiriú don raidió ar *Coinneáil Orainn* agus *An Braon Aníos*. Craoladh dhá ghearrscannán leis, *Cosa Nite* (1998), *An Leabhar* (2000), agus sraith teilifíse *Na Cloigne* (2010).

Contact for rights negotiations
Darach Ó Scolaí, Leabhar Breac,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe,
H91 A076, Éire
www.leabharbreac.com /
eolas@leabharbreac.com
+353 91 593 592

Tyrone 1539: Conn Bacach is a lord and his sons are competing to win his favour. This is the story of Conchúr Mac Ardail: a cleric, a father and his lord's high executive. Conchúr's vision is to further and promote the lordship. Between him and the fulfilment of this vision are many things – his master's fickleness, the jealousy of the nobles, an empty treasury, family matters, and his own weaknesses as a person. As well as all of this, there is the lord's son, Feilimí Caoch, the attractive warrior who Conchúr wants to mould into a modern European prince.

This first novel in the *Dominium* series won the Oireachtas Award in 2020. While this story is situated in Ireland, this is a universal story that is part of European history.

Darach Ó Scolaí is a writer and a publisher. His novel *An Cléireach* won the Oireachtas Award in 2007 and 'Book of the Year' in 2008, and his retelling of *Táin Bó Cuailnge* received the Oireachtas Award in 2017. His drama *Coinneáil Orainn* achieved the Ó Maicín Award and the BBC Stewart Parker Award, and a radio adaptation was made of *Coinneáil Orainn* and *An Braon Aníos*. Two of his short films have been broadcast, *Cosa Nite* (1998) and *An Leabhar* (2000), as well as a television series, *Na Cloigne* (2010).

ALAN TITLEY

LÁMH, LÁMH EILE



248 lch/pp

Úrscéal cruabhruite bleachtairéachta. Baineann le hÉirinn na linne. Tá eachtraí anseo atá suite i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i gCill Chainnigh, i gContae na Mí, i gCorcaigh, i nGaillimh, i nDoire Cholm Cille agus in áiteanna eile idir eatarthu.

Is é atá sa bhunscéal ná cé leis na lámha?

Ní foláir dár mbleachtairé an scéal a thaighdeadh siar go bun. Is léir ceangal éigin, dá dhiamhaire é, a bheith idir na lámha a teascadh ó dheas agus ó thuaidh.

Tá an uile rud anseo, bleachtairí ar cuma leo, Gardaí a bhfuil a bpraghas acu (b'fhéidir), Rúisigh le hiomad airgid, lucht siúil barbartha agus béasach, iománaithe ar an gcláí, mná an leanna a thuigeann agus nach dtuigeann, ach thar aon rud eile, léargas ar an taobh sin de shaol na hÉireann nach bhfeictear ach sna cinnlínte.

Duine de mhórscribhneoirí agus de mhórscoláirí na Gaeilge é Alan Titley. Tá idir úrscéalta, ghearrscéalta, dhramaí don stáitse agus don raidió, scrípteanna teilifíse agus shaothair acadúla scríofa aige. Bhí sé ina Ollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile Corcaigh go dtí gur éirigh sé as sa bhliain 2011 agus é ina Ollamh Emeritus ó shin.

A hardboiled detective novel set in contemporary Ireland and a gripping journey taking the reader from Dublin to, in no particular order, Belfast, Kilkenny, County Meath, Cork, Galway, Derry and all other places in between.

The crux of the novel is this: who owns these hands?

What's the connection between the hand in the South and the hand in the North? And who's missing all these body parts?

This book has it all: detectives who couldn't be arsed, Gardaí who could, for the right price (maybe), the Russian mafia, hurlers on the ditch, barmaids wise beyond their years, a labyrinthine plot. Truly a fitting Gaelic homage to the works of Hammett and Chandler and a wry affectionate view of twenty-first-century Ireland.


Contact for rights negotiations

Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Alan Titley is an acclaimed writer and scholar in the Irish language. He is the author of several novels, collections of short stories, plays for both stage and radio, television scripts and academic works. In 2011, he retired as Professor of Modern Irish in University College Cork and has been a Professor Emeritus since.

BRIDGET BHREATHNACH A SCRÍOBH,
SHONA SHIRLEY MACDONALD A MHAISIGH
CLUASA CAPAILL AR AN RÍ

48 lch/pp © Shona Shirley Macdonald/Futa Fata



Nuair a bheirtear páiste do bhanríon na tíre, tá sí féin agus an rí an-bhuartha: tá cluasa capaill ar an bpáiste. An nglacfaidh muintir na tíre lena mac, Labhraí?

An mbeidh sé in ann a rún aisteach a choinneáil ar feadh a shaoil, fiú nuair a bheidh sé féin ina rí ar an tír?

Seanscéal é seo faoin misneach a theastaíonn uaireanta leis an bhfírinne a insint, is cuma céard a cheapann daoine eile.

Is i Nua-Eabhrac a rugadh Bridget Bhreathnach agus is i Ros Muc, Connemara, a tógadh í. Tá dhá leabhar eile dá cuid foilsithe ag Futa Fata: *Lúlú agus an Oíche Ghlórach*, a mhaisigh Steve Simpson, agus *Ní Mise a Rinne É!* a mhaisigh Donough O'Malley. Aistríodh a cuid leabhar go Sínis, Téalainnis agus Gàidhlig na hAlban. Tá lucht leanúna mór aici dá colún ar chúrsaí teaghlaigh a fhoilsítear go seachtainiúil ar Tuairisc.ie.

Léaráidí le Shona Shirley Macdonald

Is i bPort Láirge atá Shona Shirley Macdonald lonnaithe ach is as Albain ó dhúchas di. I measc na leabhar atá foilsithe aici tá *The Moon Spun Around*, cnuasach filíochta le W. B. Yeats; Noreen Doody a chuir in eagar (O'Brien Press, 2016).

When the queen of the land gives birth to a child, both she and the king are very worried: the child has horse's ears. Will the people accept their son, Labhraí?

Will he be able to keep this strange secret throughout his life, even when he becomes king of the land?

This is a legend about the courage that is needed to tell the truth, no matter what other people think.


Contact for rights negotiations
Breda Ní Chonghaile,
Futa Fata, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, H91 D7XR, Éire
www.futafata.ie /
foreignrights@futafata.ie
+353 91 504 612

Bridget Bhreathnach was born in New York but was raised in Ros Muc, Connemara. Futa Fata has also published two of her other books: *Lúlú agus an Oíche Ghlórach*, illustrated by Steve Simpson, and *Ní Mise a Rinne É!* illustrated by Donough O'Malley. Her books have been translated into Chinese, Thai and Scottish Gaelic. Her weekly column on family matters on Tuairisc.ie has a wide fan base.

Illustrations by Shona Shirley Macdonald

Shona Shirley Macdonald is based in Waterford but is originally from Scotland. Among the books she has published is *The Moon Spun Around*, a poetry collection by W. B. Yeats and edited by Noreen Doody (O'Brien Press, 2016).

RICHIE CONROY A SCRÍOBH, DON CONROY A MHAISIGH DIALANN EMILY PORTER: AN JAILTACHT



Bhí plean ag Emily Porter dá cuid laethanta saoire samhraidh in 1994; bhí sí chun fanacht sa leaba go dtí meán lae agus an chuid eile den lá a chaitheamh lena dlúthchara, Olivia. Ach i ngan fhios di, bhí plean eile ag a tuismitheoirí. Plean cruálach. Plean gránna. Plean díoltasach . . . Bhí Emily le cur, in aghaidh a tola, chuig Coláiste Samhraidh sa Ghaeltacht – nó An Jailtacht mar a thug Emily air!

Úrscéal dátheangach atá dírithe ar dhaoine óga.

Is scríptscribhneoir é Richie Conroy a oibríonn ar go leor clár teilifíse agus scannáin don aos óg. Tá gearrscéalta a scríobh sé foilsithe sa leabhar *Saibhreas* (Mentor Press). Is é *Dialann Emily Porter: An Jailtacht* a chéad úrscéal.

Léaráidí le Don Conroy

Is scríbhneoir, láithreoir teilifíse, gníomhaí timpeallachta agus ealaíontóir é Don Conroy atá ina chónaí i gCill Mhantáin. Tá roinnt leabhar líníochta móréilimh scríofa aige mar aon le sraith leabhar ficsein le léaráidí.

Emily Porter had made plans for her summer holidays in 1994; she was going to stay in bed until midday and then spend the rest of the day with her best friend, Olivia. But, unbeknownst to her, her parents had something else in mind. A cruel plan. An awful plan. A vindictive plan . . . Emily was being sent, against her will, to a summer college in the Irish-speaking Gaeltacht region – or the Jailtacht, as Emily called it!

A bilingual story aimed at young people.


Contact for rights negotiations
Elly Shaw, LeabhairCOMHAR,
47 Sráid Harrington,
Baile Átha Cliath, D08 E7KT, Éire
www.comhar.ie /
leabhaircomhar@comhar.ie
+353 1 675 1922

Richie Conroy is a script writer who works on many television shows and films for young people. Short stories of his can be found in *Saibhreas* (Mentor Press). *Dialann Emily Porter: An Jailtacht* is his first novel.

Illustrations by Don Conroy

Don Conroy is a writer, television presenter, environmentalist and artist living in Wicklow. He has written several popular drawing books as well as an illustrated series of fiction books.

PAULINE DEVINE A SCRÍOBH, RÓISÍN CURÉ A MHAISIGH Ó BHÓ, NA BEACHA!



40 lch/pp

Ó bhó! Cad a dhéanfaidh na beacha nuair a scriostar an choirceog orthu? Agus cé hé an 'bithiúnach lofa' a rinne an dochar?

Beidh ar Mhamó agus a comrádaithe beaga an scéal a réiteach gan mhoill nó baileoidh na beacha leo!

Rugadh Pauline Devine i mBaile Locha Riach i gContae na Gaillimhe. Rinne sí staidéar sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste na Tríonóide agus in Ollscoil Sydney. Thug sí seal ina scríbhneoir cónaitheach in Éirinn, sa Bhreatain Bheag agus i Meiriceá.

Léaráidí le Róisín Curé

Is ealaíontóir, údar agus múinteoir as Gaillimh í Róisín Curé. Déanann sí speisialtóireacht i sceitseáil uirbeach agus tá trí leabhar foilsithe aici ar an ábhar.

Oh no! What will the bees do when their hive is destroyed? And what 'rotten villain' is responsible?

Mamá and her little companions will have to act quickly or the bees will leave for good!

Contact for rights negotiations
An Gúm / Foras na Gaeilge,
63–66 Sráid Amiens,
Baile Átha Cliath, D01 H275, Éire
www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum / pwilliams@forasnagaeilge.ie


Pauline Devine was born in Loughrea, County Galway, and studied at University College Dublin, Trinity College Dublin and Sydney University. During her career, she has been a writer in residence in Ireland, Wales and the USA.

Illustrations by Róisín Curé

Róisín Curé is an artist, author and teacher from Galway. She specialises in urban sketching and has published three books on the subject.

SADHBH DEVLIN A SCRÍOBH,
RÓISÍN HAHESSY A MHAISIGH
GEANSAÍ OTTÓ

© Róisín Hahessy/Futa Fata
32 lch/pp



Tá stíl ag Ottó agus is breá leis éadaí deasa. Ach ní thuigeann Mamó rud ar bith faoi chúrsaí faisin. Nuair a thagann geansaí gránna eile sa phost uaithe, tá rogha ag Ottó – caithfidh sé rud éigin a dhéanamh . . .

Ottó has style and he loves nice clothes. But his Granny doesn't understand anything about fashion. When another horrible jumper arrives in the post from her, Ottó has to make a decision – he has to do something . . .

Is scríbhneoir do pháistí í Sadhbh Devlin. D'fhoilsigh Futa Fata a céad phictiúrleabhar, *Bí ag Spraoi Liom!* in 2017, é maisithe ag Tarsila Krüse. Tháinig *Beag Bideach* uaithe in 2018, é maisithe ag Róisín Hahessy. Ainmníodh *Beag Bideach* le haghaidh ceithre ghradam: Leabhair Pháistí Éireann: Leabhar na Bliana; Gradam Réics Carló; Cumann Litearthachta na hÉireann: Leabhar na Bliana; agus IBBY Ireland: Hans Christian Andersen Honour List 2020.

Léaráidí le Róisín Hahessy

Is maisitheoir Éireannach í Róisín Hahessy atá ag cur fúithi sa Phortaingéil. Bíonn sí ag maisiú leabhar go rialta do Futa Fata agus tá obair déanta aici le réimse foilsitheoirí sa Ríocht Aontaithe agus níos faide i gcéin.

Contact for rights negotiations
Breda Ní Chonghaile,
Futa Fata, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, H91 D7XR, Éire
www.futafata.ie /
foreignrights@futafata.ie
+353 91 504 612

Sadhbh Devlin is a children's writer. Her first picture book, *Bí ag Spraoi Liom!*, was illustrated by Tarsila Krüse and published by Futa Fata in 2017. *Beag Bideach*, illustrated by Róisín Hahessy, was published by Futa Fata in 2018. *Beag Bideach* was nominated for four awards: Children's Books Ireland 'Book of the Year'; the Réics Carló Award; Literacy Association of Ireland 'Book of the Year'; and IBBY Ireland: Hans Christian Andersen Honour List 2020.

Illustrations by Róisín Hahessy

Róisín Hahessy is an Irish illustrator who lives in Portugal. She regularly illustrates books for Futa Fata and she has done work for a number of publishers in the United Kingdom and further afield.

TATYANA FEENEY

GAIRDÍN MHÁIRE NA mBLÁTH



40 lch/pp

Scéal aoibhinn cairdis agus comhluadair is ea *Gairdín Mháire na mBláth* le Tatyana Feeney. Feiceann Máire na mBláth lá amháin nach bhfuil aon bhláthanna ag fás sa scoil áitiúil. Socraíonn sí dul chun na scoile agus cabhrú leis na daltaí gairdín scoile a chur. Oibríonn sí féin agus na páistí as lámha a chéile agus cuireann siad gairdín breá ag fás taobh leis an scoil.

Leabhar é seo a spreagfaidh tuiscint sa léitheoir óg ar thábhacht an nádúir agus ar áilleacht na mbláthanna.

Mar mhaisitheoir leabhar a bhain Tatyana Feeney cáil amach le tamall de bhlianta anuas. Tá dornán leabhar do pháistí scríofa aici féin, ina measc *Gairdín Mháire na mBláth*, *Small Bunny's Blue Blanket*, *Little Owl's Orange Scarf*, *Little Frog's Tadpole Trouble*, agus *Small Elephant's Bathtime*. Bhain sí Rotherham Children's Book Award i gcatagóir na leabhar pictiúir in 2014.


Gairdín Mháire na mBláth is the latest offering from leading author and illustrator Tatyana Feeney. On noticing one day that there are no flowers planted at her local school, Máire na mBláth decides to share her gardening skills with the pupils. Together they plant a beautiful garden at the school.

A delightful story of flowers and friendship, this book also shares a message about the importance of the world of bees and flowers.

Contact for rights negotiations
An Gúm / Foras na Gaeilge,
63–66 Sráid Amiens,
Baile Átha Cliath, D01 H275, Éire
www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/
pwilliams@forasnagaeilge.ie

Tatyana Feeney is a children's author and illustrator originally from North Carolina, now based in Meath. Her books include: *Gairdín Mháire na mBláth*, *Small Bunny's Blue Blanket*, *Little Owl's Orange Scarf*, *Little Frog's Tadpole Trouble*, and *Small Elephant's Bathtime*. She was the winner of the Rotherham Children's Book Award in the Picture Book Category 2014.

PATRICIA FORDE A SCRÍOBH, JOHN WHITE A MHAISIGH AR STRAE



Is buachaill é Nizar atá i bhfad ó bhaile. Is as an tSiria dó agus bhí air féin, a mháthair agus a chuid deirfiúracha teitheadh nuair a chuaigh an cogadh chun donais. Anois, tá cónaí air i dtír strainséartha, in óstán. Níl a fhios aige an bhfuil a Dhaid beo nó marbh. Tá an saol an-deacair go dtí go gcastar cara air – madra beag, atá ar strae, ar nós Nizar é féin.

Is údar bisiúil don óige í Patricia Forde a bhfuil leabhair scríofa i nGaeilge agus i mBéarla aici. Tá an-rath ar a cuid leabhar pictiúir. Aistríodh go Sínis, Cóiréis, Téalainnis, Turcais, Afracánais, Francis, Briotáinis agus Gàidhlig iad.

Léaráidí le John White

Is maisitheoir é John White atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Seo an chéad leabhar de chuid Futa Fata atá maisithe aige.

Nizar is a boy who is far away from home. He is from Syria and he, his mother and sisters had to flee when the war got bad. Now he lives in a strange country, in a hotel. He doesn't know if his dad is alive or dead. Life is very difficult until he meets a friend – a small dog who is out of place, just like Nizar himself.

Contact for rights negotiations
Breda Ní Chonghaile,
Futa Fata, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, H91 D7XR, Éire
www.futafata.ie /
foreignrights@futafata.ie
+353 91 504 612

Patricia Forde is a prolific children's author. She has written works in both Irish and English. Her picture books are very successful. They have been translated into many languages, including Chinese, Korean, Thai, Turkish, Afrikaans, French, Breton and Scottish Gaelic.

Illustrations by John White

John White is an illustrator based in Dublin. This is the first book he has illustrated for Futa Fata.

ORNA NÍ CHOILEÁIN A SCRÍOBH,
AIDAN J. COLLINS A MHAISIGH
NEANSAÍ AR AN BHFEIRM



36 lch/pp

Tá fonn eachtraíochta ar Neansaí, cailín a chuirfeadh aoibhneas ar do chroí. Ar ndóigh, glactar leis go bhfuil sí soineanta go dtí go gcruthaítear a mhalairt!

Leabhar pictiúir álainn ina ndéanann cailín óg cairdeas le han-chuid ainmhithe feirme.

Neansaí is an adventurer and a delight. Everyone thinks that butter wouldn't melt in her mouth, until she proves otherwise.

A lovely picture book in which a young girl makes friends with all the animals on the farm.

Tá gradaim sa phrós cruthaitheach, san fhilíocht, sa drámaíocht agus sa ghearrscéalaíocht buaite ag Orna Ní Choileáin ag Oireachtas na Gaeilge agus ag féilte Gaelacha eile. Tá dhá chnuasach gearrscéalta léi foilsithe, chomh maith le sraith úrscéal-ta vaimpíre, saothair eile do léitheoirí óga agus *Bóthar na Rós*, úrscéal d'fhoghlaimoirí fásta.

Léaráidí le Aidan J. Collins

Is aisteoir, ealaíontóir, scríbhneoir, déantóir scannán agus léiritheoir meán é Aidan J. Collins atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Contact for rights negotiations
Elly Shaw, LeabhairCOMHAR,
47 Sráid Harrington,
Baile Átha Cliath, D08 E7KT, Éire
www.comhar.ie/
leabhaircomhar@comhar.ie
+353 1 6751 922


Orna Ní Choileáin has won awards for creative prose, poetry, drama and short stories at Oireachtas na Gaeilge and at other Irish festivals. She has published two collections of short stories, a novel series about vampires and other works for young readers, and *Bóthar na Rós*, a novel for adult learners.

Illustrations by Aidan J. Collins

Aidan J. Collins is an actor, artist, writer, filmmaker and media producer based in Dublin.

GEMMA NIC CONCHRA

CAOILTE CAILLTE SA MHÚSAEM



40 lch/pp

Leabhar pictiúir do pháistí idir 6–9 mbliana d’aois é seo. Is buachaill grámhar é Caoilte ach bíonn sé i dtrioblóid mar gheall ar na rudaí a dhéanann sé. Nuair a théann an rang ar thuras scoile go Músaem Stair an Dúlra, bíonn Caoilte fiosrach agus faigheann sé i dtrioblóid arís. Casann Caoilte le hainmhithe coimhthíocha a chuireann eagla air ar dtús, ach bíonn siad cairdiúil agus oibríonn gach rud amach go maith sa deireadh.

Is leabhar spraiúil é seo atá lán de shamhlaíocht agus tá neart léaráidí gleoite ann a thaitníonn go mór le páistí.

Bhain Gemma Nic Conchra céim amach san Ailtireacht agus Dearadh agus chaith sí cúig bliana ag obair sa cheird sin. Rinne sí intéirneacht leis an ealaíontóir Adrienne Geoghegan agus rinne teastas iarchéime i gColáiste Bhreisoideachais Bhaile Formaid ag déanamh staidéir ar an ealaín agus an léaráidíocht. Is breá léi a bheith ag obair le páistí.

This is a picture book for children aged six to nine. Caoilte is a loving boy but he gets into trouble because of the things he does. When the class goes on a school trip to the Natural History Museum, Caoilte becomes nosy and gets into trouble. He meets foreign animals that scare him at first, but they are friendly and everything works out well in the end.


This is a fun book that is full of imagination and plenty of adorable illustrations that children love.

Contact for rights negotiations
Eoghan Mac Giolla Bhríde,
Éabhlóid, Carraic, Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall,
F92 Y361, Éire
www.eabhlóid.com /
eolas@eabhlóid.com
+353 86 0610 888

Gemma Nic Conchra holds a degree in architecture and design and spent five years working in that sector. She did an internship with the artist Adrienne Geoghegan and she earned a postgraduate diploma in art studies and illustration from Ballyfermot College of Further Education. She loves working with children.

ÁINE NÍ GHLINN

DAIDEO



Buachaill ar a theitheadh óna thuismitheoirí. Seandúine ar a theitheadh óna pháistí. Castar ar a chéile iad ar an traein go Baile Átha Cliath. Éistean siad le scéalta a chéile. Tuigeann siad a chéile. Cén toradh a bheidh ar an gcairdeas nua seo?

Bhuaigh an leabhar seo duais Oireachtais agus Gradam Réics Carló in 2014. Bhuaigh sé freisin an duais le haghaidh ficsin ó Leabhar Pháistí Éireann (CBI), duaiseanna leabhair na bliana, in 2015, agus sa bhliain chéanna Gradam Leabhar do Pháistí ó Chumann Litearthachta na hÉireann.

File, scríbhneoir do pháistí agus léachtóir páirtaimseartha í Áine Ní Ghlinn. Laureate na nÓg í le haghaidh na tréimhse 2020–2023. Tá 31 leabhar foilsithe aici. Bronnadh Patrick Kavanagh Fellowship uirthi in 2019.

I measc na nduaiseanna atá buaite aici tá Duais Fhoras na Gaeilge, Seachtain na Scríbhneoirí, Lios Tuathail 2019 agus 2020, Duais de hÍde, Féile Bhéal na mBuillí 2019 agus 2020, Gradam Réics Carló, Leabhar na Bliana faoi thrí (do na leabhair *Daideo*, *Hata Zú Mhamó* agus *Boscadán*) agus duaiseanna Oireachtais do dhrámaí agus úrscéalta do dhaoine óga.

A boy on the run from his parents. An old man on the run from his children. They meet on the train to Dublin. They listen to one another's stories. They understand one another. What will come of this new friendship?

Daideo won an Oireachtas award and the Réics Carló Award in 2014. In 2015, it won the Children's Books Ireland 'book of the year' award for fiction and the Literacy Association of Ireland's Children's Book Award.

Contact for rights negotiations
Deirdre Ní Thuathail,
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal,
Co. na Gaillimhe, H91 CH01, Éire
www.cic.ie / eolas@cic.ie
+353 91 593 307

Áine Ní Ghlinn is a poet, a children's author and a part-time lecturer. She is Laureate na nÓg [Children's Laureate] for 2020–2023. She has published 31 books. She was awarded the Patrick Kavanagh Fellowship in 2019.

The awards she has received include the Foras na Gaeilge Award at Listowel Writers' Week 2019 and 2020, Duais de hÍde, the Irish-language prize at Strokestown International Poetry Festival 2019 and 2020, the Gradam Réics Carló Book of the Year three times (for *Daideo*, *Hata Zú Mhamó* and *Boscadán*) and Oireachtas awards for plays and novels for young people.

PÁDRAIG Ó SIOCHFHRADHA A SCRÍOBH, RÍONA NIC
